

## Ceacht Fabraice agus Snáithín le Ranganna 1 go dtí 2

### ‘Portráid den Earrach’

Gemma Mc Girr

<b><u>Snáth Curaclaim</u></b>	Fabraic agus Snáithín (Curaclam Amharcealaíona Ich. 40)
<b><u>Cuspóir:</u></b>	<i>Féidearthachtaí fabraice agus snáithín mar mheáin urlabhra shamhlaíocha (Ich. 40)</i> <i>Déan píosaí beaga áirgtheacha (Ich. 40)</i>
<b><u>Nasc:</u></b>	<b>Péint agus Dath</b> > Déan fionnachtan ar dhath sa timpeallacht fhíseach agus tabhair aird ar éagsúlachtaí tuine idir geal agus dorcha, agus ar éagsúlachtaí i ndath fíor (fordhath) (Ich. 32) <i>Péinteáil ábhair a roghnaíodh mar gheall a a bhféidearthachtaí datha (Ich. 32)</i> <b>Líníocht</b> > Líníocht ó bhreathnú (Ich. 30) <b>Priontáil</b> > Úsáid teicnící éagsúla déanamh priontáil chun priontáil téamabhunaithe nó neamhionadaíocha a dhéanamh (Ich. 34)
<b><u>Féidearthachtaí Imeasta:</u></b>	<i>Teanga Labhartha: Éist le leanaí eile ag tuairisciú a dtaithí agus cuir ceisteanna orthu faoina bhfreagairt dóibh (Ich. 29)</i> <i>Eolaíocht: Tuig go dtarlaíonn athruithe séasúracha i nithe beo agus scrúdaigh na hathruithe i saol plandaí agus ainmhithe le linn séasúr difriúla (Ich. 42)</i> <i>Téigh i dtaithí ar thimthriallacha saoil gnáthphlandaí agus gnáthainmhithe (Ich. 42)</i> <i>Tíreolaíocht: Breathnaigh agus déan taifead ar thionchair aimsire agus athruithe aeráide ar dhaoine, ainmhithe agus plandaí sa chomharsanacht (Ich. 42)</i>

#### **An ghníomhaíocht seo a Fhorbairt sa Rang:**

**Ag Tosú:** Is féidir an ghníomhaíocht seo a dhéanamh ina n-aonar nó i ngrúpaí. Roinnt laethanta roimh an ceacht bíodh díospóireacht ann leis na leanaí faoi bhláthanna, phlandaí agus ainmhithe Earraigh agus spreag iad chun samplaí a thabhairt isteach. Má chónaíonn siad faoin tuath b'fhéidir go mbeadh siad in ann roinnt olann chaorach a bhí greamaithe i sconsaí nó i sceacha a thabhairt isteach. B'fhéidir go bhfaigheadh siad cleití agus caonach freisin. Iarr orthu freisin olanna, fabraicí, ribíní nó lásaí a bheadh oiriúnach don cheacht a thabhairt isteach.

**Ábhair riachtanacha:** Fabraicí le fí oscailte ar nós Heiseán nó málaí oinniún.  
Olanna éagsúla  
Réimsí fabraicí gearrtha i stríocaí caola  
Ribíní, lásaí, snáthanna  
Bóidicíní nó snáthaidí olla  
Bláthanna earraigh, féar, cipíní  
PVA nó gliú  
Soithigh éadoimhne don PVA, m.sh. caipíní Pringle

**Spreagadh:** “Cad a fheicimid a thugann le fios dúinn go bhfuil an tEarrach tagtha? An féidir leat na bláthanna a ainmniú? Cén Fhéile a cheiliúrtar san Earrach? Cad iad na hainmhithe a shamhlaímid leis an Earrach? An bhfuil dathanna ann a bhaineann leis an Earrach dar linn? Smaoinigh ar na nithe seo uile agus féach an féidir leat iad a chur le chéile chun portráid den Earrach a dhéanamh. Portráid speisialta a bheidh anseo mar go mbeimid á dhéanamh le fabraicí, snáithíní agus bláthanna agus pé rud eile a mheasann tú ba chóir a bheith i bpictiúr den Earrach, agus ní gá dó a bheith cosúil le haghaidh!”

**Gníomhaíocht:** Socraíonn na leanaí cad iad na stríocaí fabraice, olanna, ribíní agus bláthanna atá le fí acu isteach sa Heiseán nó sna málaí oinniún (atá

gearrtha i méideanna cuí). Má tharraingíonn siad snáithíní as an Heiseán beidh sé níos fusa dóibh na snátha, na stríocaí fabraice agus na bláthanna a fhí isteach ann. Spreag iad chun iarracht a dhéanamh na holanna daite a fhuáil isteach sna fabraicí agus a bheith airgtheach faoi fhéar, bláthanna agus cipíní a úsáid. B'fhéidir gur mhaith leo comharthaí den Cháisc a chur sa phortráid. D'fhéadfaí cárta daite a úsáid mar chúl do na píosaí críochnaithe más mian leis na leanaí é agus iad a chur ar taispeaint sa seomra ranga nó in áit chúí sa scoil.

***Measúnú / ag Amharc agus ag Freagairt:***

Beidh sé seo ag tarlú agus na leanaí ag obair. Spreag iad chun labhairt faoin rud atá á dhéanamh acu, faoi na snáthanna atá roghnaithe agus cad a cheapann siad faoi bhláthanna a fhí isteach ina bpictiúr. (D'fhéadfá smaoineamh an fhoirm ealaíona le saol gearr a phlé leo, ar nós na bpictiúr áille gainimhe a dhéananna Manaigh Tibéadacha nó dealbhadóireacht oighir). Taispeáin an taispeántas sleamhnán sa rannóg Fabraice agus Snáithíní dóibh mar a fheicfidh siad táipéisí balla a rinne leanaí le mála oinniún. Iarr orthu freagairt do tháipéisí le Le Brocqy agus Miro.

**Gníomhaíochtaí Breise:**

D'fhéadfadh na leanaí portráidí a dhéanamh den Samhradh, den Fómhar agus den Gheimhreadh.

**Féidearthachtaí TCF:**

Scanáil saothar na leanaí isteach sa ríomhaire agus spreag iad chun píosa beag a scríobh faoin bpróiseas.

**An DVD is Ealaíontóir**

**Mé a Úsáid:**

Cuireann na cláir Fabraic agus Snáithín ar an DVD deiseanna ar fáil chun leanaí a fheiceáil ag baint úsáide as fabraicí agus snáithíní chun pictiúir a dhéanamh. Is féidir leo an Heiseán a fheiceáil á bhaint as a chéile agus leanaí a fheiceáil ag fíodóireacht.

**Nóta:**

Tá málaí oinniún an-mhaith chun fíodóireacht shimplí a chur i láthair na leanaí. Is féidir leo olanna, ribíní, lásaí agus stríocaí caola fabraice a fhí tríd lena méara. Tá snáthaidí olla ar fheabhas chun fuáil le Heiseán, tá sé an-éasca snáth a chur tríothu agus níl bior géar orthu.

**Ealaíontóirí Ábhartha:**

Louis le Brocqy  
Joan Miro  
Christo agus Jean-Claude

**Suíomhanna Idirlín Ábhartha:**

Tabhair cuairt ar shuíomh idirlín Louis le Brocqy agus féach ar a tháipéisí iontacha.

<http://www.anne-madden.com/LeBPages/Tapestry90thcelebration.html>

Suíomh oifigiúil Christo agus Jeanne-Claude, a bhfuil cáil orthu mar gheall ar an ealaín atá acu foirgnimh agus séadchomharthaí a chlúdach le fabraicí.

<http://www.christojeanneclaude.net>

Tá Scoilnet ina thairseach chuig mórán suíomhanna atá úsáideach sa seomra ranga.

<http://www.scoilnet.ie>